15

Focail Dheacra Lch

ag réabadh	145
fuaim gheonaíola	146
grágáin	149
modartha	
ag stámhailleach	
toirniúil	150
búir	151
smúrthacht	154

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cén fáth ar fhág Joey Topthorn agus Friedrich sa deireadh?
2. Cad é mar a roghnaigh Joey an bealach le dul?
3. Cad é an rud a choinnigh Joey ar a chosa in áit luí síos mar gheall ar an phian?
4. Cad é an rud a chuala Joey faoi dheireadh a thug air siúl ina threo?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén fáth ar fhan Joey le Topthorn chomh fada sin?
2. Cén fáth ar shocraigh Joey fanacht san áit a raibh sé, in áit bogadh ar aghaidh?
3. Dúirt an sáirsint go raibh na saighdiúirí ar thalamh eadrána. Cad é atá i gceist leis sin?
4. Cad é mar a chruthaíonn an t-údar atmaisféar sa dóigh go mothaíonn an léitheoir pian Joey?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Tá Joey leis féin den chéad uair ina shaol. Cad é mar a mhothaíonn sé, do bharúil?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Saibhreas Teanga

Múnlaíonn an t-údar teanga go héifeachtach agus Joey ag déanamh cur síos ar an dóigh ar mhothaigh sé ag deireadh na caibidle.

Sliocht Athfhriotail, Lch 155

> “... mhothaigh mé céadsolas na gréine ag teacht tríd an cheo gur bhuail sé ar mo dhroim mé, rud a chuir creathanna séimhe teasa trí mo **chorp craptha conáilte.**”

Úsáidtear focail a thosaíonn leis an litir chéanna. Cad é a thugtar ar an chleas scríbhneoireachta seo nuair a úsáidtear focail a bhfuil an túslitir chéanna acu le béim a léiriú?

Dean iarracht cúig abairt a chumadh agus an cleas céanna in úsáid agat.